An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. S54 AT

# Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2001.

567

## Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad).

## Dé Luain 18 Meitheamh - Maidin 9.30 - 11.30

**Roinn A - Ardleibhéal**
**40 marc**

**Uimhir Scrúdaithe.**

## TREORACHA

1. Freagair 16 cheist ar bith ón roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
2. Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh.
3. Bí cinnte go scríobhann tú d'uimhir scrúdaithe sa spás atá ann di agus ar gach bileog eile a úsáideann tú.
4. Cuir ar ais an leabhrán seo i ndeireadh an scrúdaithe.

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| ROINN A- IOMLÁN | |
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4(a) nó (b). | |
| 5. | |
| **Móriomlán.** | |


**Uimhir an Ionaid.**

**NÍ MÓR AN LEABHRÁN SEO A THABHAIRT AR AIS**

## ROINN A - 40 MARC

**Freagair 16 cheist ar bith ón roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** (i) Cén t-ainm ceart atá ar an rianaire a thaispeántar sa léaráid seo?




**FREAGRA**

(ii) Cén crua-adhmad as a ndéantar an rianaire seo de gnáth?


**FREAGRA**

**2.** Cén fheidhm atá ag an bpáirt den chrann a bhfuil an lipéad **X** uirthi sa léaráid?




**FREAGRA**

**3.** (i) Ainmnigh an clár monaraithe a thaispeántar sa léaráid.




**FREAGRA**

(ii) Luaigh airí **AMHÁIN** atá ag an sórt cláir seo.

**AIRÍ**

4. (i) Ainmnigh an fheiste a thaispeántar sa léaráid.




**FREAGRA**

(ii) Cá n-úsáidtear feiste mar í seo de gnáth?

**FREAGRA**

5. Taispeánann an léaráid modh amháin chun adhmad a stálú.



(i) Cad a thugtar ar an modh stálaithe seo?

**FREAGRA**


(ii) Luaigh míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann leis an modh stálaithe seo.

**MÍBHUNTÁISTE**

6. Cad dó a sheasann na litreacha **M. D. F.**?


7. Tá ceithre chéim i saolré phiast tollta adhmaid.

Cad í an chéim ina ndéantar an damáiste is mó d'adhmad?




**FREAGRA**

**8.** Taispeánann an léaráid fabht i bplanc adhmaid.



(i) Ainmnigh an fabht.

**AINM**


(ii) Cén fáth go dtarlaíonn an fabht seo?

**FREAGRA**

**9.** Sa liosta thíos tá na céimeanna atá i gceist agus earra adhmaid á phéinteáil. Cuir san ord ceart iad.

**CÉIMEANNA**

**Cóta Bailchríche**
**Líonach**
**Prímeáil**
**Greanáil**
**Fochóta**



**ORD CEART**

**10.** Cé acu de na plaistigh seo a leanas atá:

(a) **TEIRMIPHLAISTEACH**
nó (b) **TEIRMITHÉACHTACH**

| PLAISTIGH | CINEÁL |
|---|---|
| POILEITILÉIN | |
| NÍOLÓN | |
| POILEISTEAR | |
| AICRILEACH | |

**11.** (i) Ainmigh an uirlis mhiotalóireachta a thaispeántar sa léaráid.




**FREAGRA**

(ii) Cén fheidhm a bhaintear as an uirlis seo?


**FREAGRA**

**12.** Taispeántar stól adhmaid sa léaráid.
Déan cur síos ar locht deartha **AMHÁIN** atá le feiceáil sa stól.



**LOCHT DEARTHA**

**13.** (i) Má rothlaíonn an roth giair **U** ar tuathal, cén treo ina rothlóidh an roth giair **V**?




**FREAGRA**


(ii) Má rothlaíonn an roth giair **U** ar 240 rothlú sa nóiméad, cén luas rothlaithe atá faoi roth giair **V**?

**FREAGRA**

**14.** Is **CÓIMHIOTAL** de dhá mhiotal é an Prás. Ainmnigh an dá mhiotal.

**MIOTAL 1** **MIOTAL 2**


**15.** Taispeánann an léaráid comhbhall a úsáidtear, ar chúiseanna sábháilteachta, chun voltas leictreach a athrú ó 230 volta go 110 volta.
Cad a thugtar ar an gcomhbhall seo?




**FREAGRA**

**16.** Taispeánann an léaráid seoidabhosca agus veinír air.

(i) Mol greamachán oiriúnach a d'fhéadfaí a úsáid chun an veinír a ghreamú.




**GREAMACHÁN**

(ii) Tabhair cúis **AMHÁIN** le do rogha mar ghreamachán.


**CÚIS**

**17.** Taispeánann an léaráid scriúire ag cur scriú isteach trí úsáid fhórsa casta.
Cén t-ainm ceart a thugtar ar fhórsa casta mar seo?




**FREAGRA**

**18.** Taispeánann an léaráid coirnéal de tharraiceán de bhord maisiúcháin mahagaine. Sa spás a chuirtear ar fáil, déan sceitse néata d'alt a bheadh oiriúnach le húsáid ag **P**.




**SCEITSE**

**19.** Taispeánann an léaráid barr plocóide.




(i) Ainmnigh na teirminéil phlocóide a mharcáiltear ag **A** agus **B**.

**A** ________ **B** ________

(ii) Cén fheidhm atá leis an gcomhbhall a mharcáiltear le **X**?

**FREAGRA** ________

**20.** Taispeánann na léaráidí seo imlíne agus toradh ó thrí chrann atá coitianta in Éirinn.
Ainmnigh **DHÁ** cheann de na crainn seo san spásanna a chuirtear ar fáil.



(i) ________ (ii) ________ (iii) ________

**<u>Ní mór an leabhrán seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.</u>**

Leathanach Bán

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

S 54 BT

# Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2001.

## Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad).

569

## Dé Luain 18 Meitheamh - Maidin 9.30 - 11.30


**Roinn B**

**Ardleibhéal - 60 marc**

**TREORACHA**

1. **Freagair 3 cheist ar bith ón roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**
2. **Áit a bhfuil gá le sceitsí, is cóir iad a dhéanamh saor lámhach nó ar pháipéar greille.**
3. **Bí cinnte go scríobhann tú d'uimhir scrúdaithe ar an bhfreagarleabhair agus ar gach bileog eile a úsáideann tú.**

1. Taispeánann an léaráid líníocht isiméadrach, le toisí, de leaba linbh a dhéantar as adhmad.




(i) De réir scála 1:10, déan líníocht oibre ortagrafach den leaba, ina mbeidh aghaidhchló ag feachaint i dtreo na saighde A agus taobh chló ag féachaint i dtreo na saighde B ann. Cuir isteach **ceithre** phríomhthoise.

(ii) Le cúnamh nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe,*** déan cur síos ar mhodh oiriúnach chun an ráille **R** a shiúntú leis an gcos **L**.

**2.** Taispeánann an léaráid foireann fearais gartharrthála, a bhfuil a macsamhail le fáil i mórán títhe. Iarrtar ort aonad stórála a dhearadh do na hearraí seo.

(i) Luaigh **TRÍ** phríomhghné dheartha ba chóir a chur san áireamh i ndearadh an aonaid seo.




(ii) Le cúnamh ***sceitsí néata saorláimhe***, mol réiteach amháin don fhadhb dheartha seo. Taispeáin go soiléir conas a chuir tú san áireamh na gnéithe deartha a luaigh tú ag (i) thuas.

(iii) Ba chóir na seilfeanna a bheith inaistrithe le haghaidh phacáistí atá éagsúil in airde. Le cúnamh ***sceitsí néata saorláimhe***, taispeáin **DHÁ** mhodh chun an t-aistriú seo a bhaint amach.


**3.** (i) Ainmnigh an dá mhodh le adhmad a oiriúnú a thaispeántar sna léaraidí **A** agus **B**.

**A**



(ii) Luaigh **DHÁ** bhuntáiste agus **DHÁ** mhíbhuntáiste a bhaineann le gach modh oiriúnaithe.


**B**



(iii) Is féidir fíor-dhrochéifeacht a bheith ag **CRÍON LOBHADH** ar adhmad.
Déan cur síos ar conas a chuirfeá cóir ar chás chríonlobhaidh agus conas a dhéanfá iarracht lena chinntiú nach dtarlódh sé arís.

**4. Fregair A nó B.**

(A) Taispeánann an léaráid cathaoir linbh a dhéantar as adhmad na giúise.



(i) Déan cur síos ar an gcaoi a ndéanfá an t-adhmad a ***ullmhú*** do bhailchríoch trédhearcach feidhmithe.


(ii) Roghnaigh bhailchríoch oiriúnach agus tabhair **DHÁ** chúis le do rogha.

(iii) Le cúnamh ***sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos ar an gcaoi ar chóir an bhailchríoch seo a chur ar an gcathaoir.


(iv) Luaigh **DHÁ** réamhchúram sábháilteachta is gá a choimeád nuair atá bailchríoch bunaithe ar ola á húsáid.

## NÓ

(B) Taispeánann an léaráid deil chun adhmad a dheileadh.





(i) Ainmnigh na páirteanna den deil a bhfuil na lipéidí **A**,**B**,**C**, agus **D** orthu.



(ii) Le cúnamh ***sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos ar an gcaoi ar chóir píosa adhmaid, mar a thaispeántar, a ***ullmhú*** agus a ***shuí*** le deileadh ar dheil.

(iii) Luaigh **CEITHRE** réamhchúram sábháilteachta is gá a choimeád agus an deil á húsáid.

**5.** Taispeánann an léaráid siséal adhmaid ina bhfuil dochar mór déanta don fhaobhar gearrtha.




(i) Cén t-ainm ceart atá ar shiséal den sórt seo?

(ii) Le cúnamh ***sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos ar an gcaoi a gcuirfeá faobhar gearrtha géar ar an siséal arís.

(iii) Luaigh **DHÁ** réamhchúram sábháilteachta ar chóir iad a chur i bhfeidhm agus an siséal á úsáid.

(iv) Tá fáinne miotail **R** ar an siséal a thaispeántar sa léaráid, thart ar an gcois. Cén t-ainm atá ar an bhfáinne seo agus cén fheidhm atá leis?